

Córas Imdhíonachta | Nótaí Ábhar

Is **pataigin** é orgánach ar bith is cúis le galar.

Córas cosanta ginearálta:

<u>Bacainn:</u>	<u>Freagra ceallach neamhshonrach:</u>
Craiceann- cuireann sé cosc le hiontráil pataiginí	Fagaicítí, macrafagaigh- fagaicíotóis
Faireog gheireach- táirgeann sí geir (substaint lán ola a choisceann scoilteadh craicinn)	Bíonn <u>na ceimiceáin seo a leanas</u> mar chúis leis an athlasadh agus meallann siad fuilchealla bána.
Múcas- sáinníonn sí pataiginí	o Híostaimín- scaoilte ag cealla ionfhabhtaithe
Fabhráin- bogann siad cáithníní chun bealaigh ó na scamhóga	o Comhlánach- cabhraíonn sé le marú pataiginí
Céir cluaise- sáinníonn sí pataiginí	o Inteirféaróin- cuireann siad isteach ar mhacasamhlú víreas agus meallann siad fuilchealla bána
Deora- níonn siad pataiginí beaga chun bealaigh	Fiabhras- déanann sé dínádúrú ar einsímí agus próitéiní atá i mbaictéir agus einsímí
Aigéad boilg- maraíonn sé an chuid is mó de na baictéir	Lísisím- einsím i ndeora agus i seile a mharaíonn baictéir (briseann sé cillbhallaí na mbaictéar)
Téachtadh fola- cuireann sé cosc le hiontráil na mbaictéar	

- o **Antaiginí** — próitéiní dromchla a bhíonn mar chúis le táirgeadh antasubstaintí.
- o **Antasubstaintí** — is próitéiní iad a tháirgeann limficítí mar fhreagairt ar antaiginí.
- o **Imdhíonacht spreagtha** — spreagadh monaicítí agus limficítí chun fáil réidh le hantaigin ar leith atá sa chorp.
- o **Imdhíonacht ghníomhach** — nuair a tháirgeann limficítí antasubstaintí mar fhreagairt ar

antaigin ar leith.

1. **Imdhíonacht ghníomhach nádúrtha** — tarlaíonn sé seo nuair a tháirgeann limficítí antasubstaintí mar fhreagairt ar an gcorp a bheith ionfhabhtaithe le pataigin ón timpeallacht.
 2. **Imdhíonacht ghníomhach shaorga** — tarlaíonn sé seo nuair a tháirgeann limficítí antasubstaintí mar fhreagairt ar phataigin a fhaightear ó vacsaín.
- **Vacsáiniú** — dáileog de phaitigin, nó cuid de phaitigin (antaigin nó tocsain na pataigine) a thugtar amach le hinstealladh de ghnáth. Bíonn sé seo mar chúis le himdhíonacht ghníomhach, agus ní bhíonn sé mar chúis le galar.
 - **Imdhíonacht éighníomhach** — aistriú antasubstaintí ó orgánach amháin go horgánach eile.
 1. **Imdhíonacht éighníomhach nádúrtha** — nuair a fhaigheann leanbh antasubstaintí go díreach óna mháthair tríd an bplacaint roimh an mbreith, nó trí bhainne cíche.
 2. **Imdhíonacht éighníomhach shaorga** — nuair a fhaigheann duine instealladh antasubstaintí a dhéantar in orgánach eile.
 - **Imdhíonadh** — cosaint ar phaitiginí, nó tocsainí na bpataiginí seo, trí vacsaíniú nó instealladh antasubstaintí.